RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2330 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Samhain 2022

lena ndeonaítear údarú ón Aontas le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair "Christiansen LD Bednet" i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 44(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 3 Meitheamh 2016, chuir Christiansen SARL iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht") i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 le haghaidh údarú Aontais le haghaidh táirge bithicídeach aonair ar a dtugtar "Christiansen LD Bednet" de chineál táirge 18, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé deimhniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Danmhairge meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoin gcás-uimhir BC-GK024706-40 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is í sármheitrin substaint ghníomhach "Christiansen LD Bednet", ar substaint í a airítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineál táirgí 18.

(3) An 7 Nollaig 2020, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta.

(4) An 5 Iúil 2021, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ([2]), an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh ("SPC") atá ag "Christiansen LD Bednet" agus an tuarascáil mheasúnaithe deiridh ar an táirge bithicídeach aonair faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) Is é conclúid na tuairime gur táirge bithicídeach é "Christiansen LD Bednet" de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (r), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, táirge bithicídeach atá incháilithe d'údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus, faoi réir chomhlíonadh an dréacht-SPC, go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) den Rialachán sin.

(6) An 22 Iúil 2021, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-SPC i dteangacha oifigiúla uile an Aontais a tharchur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Molann an Ghníomhaireacht gan an táirge a údarú ach lena úsáid faoi dhíon de bharr na rioscaí a shainaithnítear maidir le hurranna fionnuisce agus dríodair, agus mhol sí freisin bearta maolaithe riosca chun an comhshaol a chosaint. Áirithítear leis na bearta sin nach mbeidh aon tionchar ar an gcomhshaol ag an táirge.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Tuairim ECHA an 18 Meitheamh 2021 maidir le húdarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh "Christiansen LD Bednet" (ECHA/BPC/285/2021), https://echa.europa.eu/it/opinions-on-union-authorisation.

(8) An 12 Deireadh Fómhair 2021, leasaigh an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha tuarascáil an údaráis inniúil mheastóireachta maidir leis an tsubstaint ghníomhach sármheitrin ionas go ndéanfar conclúidí mheitheal um an gcomhshaol a chur chun feidhme, conclúidí a bhaineann le dianseasmhacht na substainte sin.

(9) Ós rud é nach bhfuil sármheitrin sainaitheanta go foirmiúil fós mar shubstaintí atá inbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagal 10(5) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ní cheanglaítear go ndéanfar aon mheasúnú comparáideach de bhun Airteagal 23 den Rialachán sin, agus féadfar údarú an táirge a dheonú ar feadh uastréimhse 10 mbliana. Níor measadh go raibh aon bheart maolaithe riosca breise riachtanach chun a chur san áireamh go bhfuarthas go raibh sármheitrin marthanach.

(10) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais le haghaidh "Christiansen LD Bednet" a dheonú.

(11) I bhfianaise go ndearnadh an measúnú nochta maidir le sláinte an duine agus leis an gcomhshaol agus é bunaithe ar uasmhéid an táirge bhithicídigh, measann an Coimisiún freisin gur cheart a chur san áireamh i dtéarmaí agus coinníollacha an údaraithe nár cheart aon táirge bithicídeach de mhéid níos mó ná sin a chur ar fáil ar an margadh.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0026815-0000 aige do Christiansen SARL chun an táirge bithicídeach aonair "Christiansen LD Bednet" a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus i gcomhréir leis an achoimre ar thréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 19 Nollaig 2022 go dtí an 30 Samhain 2032

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA (EU-0026815-0000)

Deonaítear údarú an eangaí cóireáilte le haghaidh uasmhéid 21,2 m^2.

IARSCRÍBHINN II

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

Christiansen LD bednet

Cineál táirge 18 - Feithidicídí, acaricídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh (Srianadh lotnaidí)

Uimhir an údaraithe: EU-0026815-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0026815-0000

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Trádainm (nó trádainmneacha) an táirge**

Trádainm (nó trádainmneacha)	Líon leapa LD Christiansen Cúram Plus Mosquito Net Feithid Ecran Moustiquaire Imprégnée Longue Durée Cúram & tú Prév Kit Moustiquaires Pharmavoyage Moustiquaire Imprégnée Longue Durée Codladh mé níos sábháilte LD líonta Mosquito Leaba Glan

1.2. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	CHRISTIANSEN SARL
	Seoladh	719 Chemin de Repentance, 13100 Aix en Provence An Fhrainc
Uimhir an údaraithe	EU-0026815-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0026815-0000	
Dáta an údaraithe	19 Nollaig 2022	
Dáta éaga an údaraithe	30 Samhain 2032	

1.3. **Déantóir (nó déantóirí) an táirge**

Ainm an déantóra	Hebei Light Tionscail Táirgí Imp.EASP Corporation Ltd
Seoladh an déantóra	26 Bóthar Zhongjiu, Sráid Youyi N., 050071 Shijiazhuangchina. kgm An tSín
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Ningjin Shuangli cniotála Co, Ltd, Sráidbhailte Dalu, Ningjin Contae, 055551 Hebei An tSín

Ainm an déantóra	IOMPÓRTÁIL AGUS ONNMHAIRIÚ SHIJIAZHUANG ORIENTAL HORIZON CO.,LTD
Seoladh an déantóra	UIMH.448 BÓTHAR HEPING IARTHAR, 050072 SHIJIAZHUANG An tSín
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Shenzhen Yutong CNIOTÁLA CO, LTD, Sráidbhaile Xiduzhuang, Baile Shenzhou, Shenzhou Cathrach, Hengshui Cathrach, 055551 Hebei An tSín

1.4. **Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Permethrin
Ainm an déantóra	Tagros Chemicals India Ltd.
Seoladh an déantóra	Ionad Jhaver, Foirgneamh Rajah Annamalai, Urlár IV, 72 Bóthar Marshalls, Egmore, 600 008 Chennai An India
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	A -4/1 & 2, Coimpléasc Tionsclaíoch SIPCOT, Pachayankuppam, Cuddalore, 607 005 Tamil Nadu An India

2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Permethrin		Substaint Ghníomhach	52645-53-1	258-067-9	0,9

2.2. **Cineál foirmlithe**

LN - Eangach fheithidicídeach bhuan

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM**

Ráitis ghuaise	An-tocsaineach don saol uisceach le héifeachtaí buana. Tá peirimeitrin ann. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach.
Ráitis réamhchúraim	Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. Diúscair coimeádán chuig dramhaíl de réir na reachtaíochta náisiúnta..

4. **ÚSÁID (NÓ ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Úsáid # 1 – Neamhghairmiúil

An cineál táirge	PT18 - Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh (Srianadh lotnaidí)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Líontán leapa atá cóireáilte le feithidicíd neamh-in-nite le húsáid i limistéir thrópaiceacha amháin. Is feithidicíd teagmhála é líontán leapa Christiansen, a choscann muiscítí ar phriocadh. Níl a úsáid údaraithe ach i limistéir thrópaiceacha i gcoinne Anopheles spp. agus Aedes spp.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Anopheles Gnáthainm: Muiscítí Anopheles Céim na forbartha: Ainmhithefásta Ainm eolaíoch: Aedes Gnáthainm: Muiscítí Aedes Céim na forbartha: Ainmhithefásta
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Cosaint phearsanta Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Feistigh os cionn na leapa chun muiscítí a chosc ar dhul isteach.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Is táirge teicstíle é seo a úsáidtear ar leaba; níl aon ráta feidhmithe. Airí caolaithe: - Airí uainithe: Is líontán leapa teicstíle é seo le húsáid os cionn leapa san oíche agus ag breacadh an lae.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	An pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Saicín, Plaisteach: PET, D9ø x H22 cm Saicín, Plaisteach: PET, L22 x 14 x 8 cm Saicín, Plaisteach: PET, D10 x H25 cm Saicín, Plaisteach: PET, 22 x 22 x 8 cm Saicín, Plaisteach: PET, D14ø x H34 cm Saicín, Plaisteach: PET, 25 x 25 x 9 cm Saicín, Plaisteach: PET, 24 x 26 x 9 cm i mbosca cairtchláir Saicín, Plaisteach: PET, D11ø x H27 cm Saicín, Plaisteach: PET, D10ø x 25 cm Saicín, Plaisteach: PET, D12ø x H37 cm Saicín, Plaisteach: PET, D13ø x 28 cm Saicín, Plaisteach: PET, D15ø x H39 cm Saicín, Plaisteach: PET, L26 x W20 cm Saicín, Plaisteach: PET, 17 x 20 x 6 cm i mbosca cairtchláir Saicín, Plaisteach: PET, L39 x W32 x 8 cm Saicín, Plaisteach: PET, D10ø x 59L cm Saicín, Plaisteach: PET, D6ø x H16 cm Saicín, Plaisteach: PET, D7ø x H18 cm

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach Treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach Treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach Treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach Treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach Treoracha ginearálta maidir le húsáid.

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ([1])

5.1. Treoracha úsáide

Léigh na treoracha atá ag gabháil leis sula mbaineann tú úsáid as an táirge.

Déan de réir na dtreoracha úsáide.

Ní údaraítear an táirge ach lena úsáid i gceantair thrópaiceacha mar a bhfuil an baol ann go scaipfeadh na speicis muiscíte atá i gceist galair veicteoir-iompartha.

Ná fág faoi fhad láimhe leanaí nó peataí é nuair nach bhfuil sé in úsáid.

Feistigh barr an líontáin os cionn na leapa, agus cuir an t-imeall íochtarach go cúramach faoin tocht, ionas nach bhfuil aon spás fágtha a ligfeadh muiscítí isteach.

Cuir modhanna neamhcheimiceacha i bhfeidhm mar shampla gnáthlíonta feithidí ar na fuinneoga más féidir d'fhonn úsáid bithicídí a íoslaghdú. Moltar an líontán leapa atá cóireáilte le feithidicídí a úsáid nuair nach leor modhanna eile chun muiscítí a chosc, nó mura bhfuil siad indéanta (m.sh. agus tú ag taisteal) nó i gceantair ina bhfuil riosca ard galair veicteoir-iompartha.

I gcás inmhíolú leanúnach, chun an riosca frithsheasmhachta a íoslaghdú, úsáid táirgí difriúla ina bhfuil substaintí gníomhacha éagsúla.

Cuir sealbhóir an údaraithe ar an eolas mura bhfuil an chóireáil éifeachtach.

Ná cóireáil an líontán leapa le feithidicíd nó éarthacha.

Faigh bednet nua i gcás damáiste (m.sh. poill).

Ná codlaíodh ainmhithe tí amhail cait in aice leis an líontán leapa.

Ná húsáid an líontán leapa ach laistigh.

NÁ GLÁN AGUS NÁ TIRIMGHLAN AN TÁIRGE

Ná hiarnáil an táirge.

5.2. Bearta maolaithe riosca

Coinnigh cait ar shiúl ón táirge. Mar gheall ar a n-íogaireacht ard ar shármheitrin d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhuithe díobhálacha troma.

Seachain teagmháil leis an gcraiceann agus leis na súile.

Nigh do lámha le huisce agus gallúnach tar éis duit an táirge a fheistiú agus a bhaint.

([1]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe.

NÁ nigh an táirge seo, mar gheall ar an riosca don chomhshaol.

Úsáid an líontán leapa mar a léirítear sna treoracha úsáide. Ná húsáid chun críocha eile.

Coinnigh ar shiúl ó bhia, deochanna agus ábhair bheathaithe ainmhithe.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

— D'fhéadfadh pairéistéise (dó agus griofadach an chraicinn gan ghreannú) a bheith mar thoradh ar phireatróidí. Má mhaireann na hairíonna: Faigh comhairle leighis.

— MÁ IONANÁILTEAR: Má tharlaíonn airíonna cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— MÁ SHLOGTAR: Má tharlaíonn airíonna cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le gallúnach agus le huisce. Má tharlaíonn comharthaí cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Má tharlaíonn airíonna sruthlaigh le huisce. Bain lionsaí teagmhála, más ann dóibh agus más furasta sin a dhéanamh. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Réamhchúraimí comhshaoil:

Tá cosc ar scaoileadh leis an gcomhshaol, le huisce, le screamhuisce, le hithir. Diúscair ag saoráid dramhaíola guaisí.

Má théann an táirge isteach i ndraenacha nó i séaraigh, déan teagmháil láithreach leis an údarás uisce áitiúil; i gcás éilliú sruthanna, aibhneacha nó lochanna, déan teagmháil le húdaráis náisiúnta.

Tá sármheitrin sa táirge seo atá contúirteach do bheacha.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ná diúscair iad i séaraigh ná i gcanálacha uisce báistí.

Ná hathúsáid agus ná hathchúrsáil an táirge. Diúscair táirgí gan úsáid, pacáistiú éillithe agus líontáin leapa úsáidte mar dhramhaíl ghuaiseach.

Diúscair coimeádáin fholmha de réir na rialachán áitiúil.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Stóráil: Dálaí stórála sábháilte, agus aon neamhchomhoiriúnachtaí:

— Coinnigh amach ó leanaí agus ó pheataí (go háirithe cait) é.

— Coinnigh an pacáistiú dúnta go docht.

— Déan de réir réamhchúraimí an lipéid.

— Stóráil sa phacáiste bunaidh mar a shonraítear anseo.

— Coinnigh amach as solas díreach.

— Stóráil ar shiúl ó sholas díreach na gréine nó ó fhoinsí eile teasa.

— Stóráil ar leithligh ó oibreáin ocsaídiúcháin agus ó alacailí láidre agus ó aigéid láidre.

Ábhar pacáistithe / umair: Moltar pacáistiú plaisteach a úsáid.

Úsáid(í) deiridh sonrach(a):

Stóráil ag teocht chomhthimpeallach

Seilfré: 36 mhí

6. **FAISNÉIS EILE**

Is líon poileistir é an líontán leapa a dhéanann CHRISTIANSEN